CINNEADH (CBES) 2022/1294 ÓN gCOISTE POLAITIÚIL AGUS SLÁNDÁLA

an 19 Iúil 2022

maidir le ceapadh Cheann Misin Mhisean Comhairleach an Aontais Eorpaigh mar thaca le hAthchóiriú na hEarnála Slándála san Iaráic (EUAM Iraq) (EUAM Iraq/1/2022)

TÁ AN COISTE POLAITIÚIL AGUS SLÁNDÁLA,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 38, an tríú mír, de,

Ag féachaint do Chinneadh (CBES) 2017/1869 ón gComhairle an 16 Deireadh Fómhair 2017 maidir le Misean Comhairleach an Aontais Eorpaigh mar thaca le hAthchóiriú na hEarnála Slándála san Iaráic (EUAM Iraq) ([1]), agus go háirithe Airteagal 9(1) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) De bhun Airteagal 9(1) de Chinneadh (CBES) 2017/1869, údaraítear don Choiste Polaitiúil agus Slándála, i gcomhréir le hAirteagal 38, an tríú mír, den Chonradh ar an Aontas Eorpach, na cinntí ábhartha a ghlacadh chun rialú polaitiúil agus treoir straitéiseach Mhisean Comhairleach an Aontais Eorpaigh mar thaca le hAthchóiriú na hEarnála Slándála san Iaráic (EUAM Iraq) a fheidhmiú, lena n-áirítear an cinneadh Ceann Misin a cheapadh.

(2) An 30 Márta 2021, ghlac an Coiste Polaitiúil agus Slándála Cinneadh (CBES) 2021/569 ([2]) lena gcuirtear síneadh le sainordú Christoph BUIK mar Cheann Misin EUAM Iraq ón 18 Aibreán 2021 go dtí an 30 Aibreán 2022.

(3) An 13 Aibreán 2022, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2022/635 ([3]) lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2017/1869 agus lena gcuirtear síneadh le sainordú EUAM Iraq go dtí an 30 Aibreán 2024.

(4) An 6 Iúil 2022, mhol Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála Anders WIBERG a cheapadh mar Cheann Misin EUAM Iraq ón 16 Lúnasa 2022 go dtí an 30 Aibreán 2024,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leis seo, ceaptar Anders WIBERG mar Cheann Misin Mhisean Comhairleach an Aontais Eorpaigh mar thaca le hAthchóiriú na hEarnála Slándála san Iaráic (EUAM Iraq) ón 16 Lúnasa 2022 go dtí an 30 Aibreán 2024.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Beidh feidhm aige ón 16 Lúnasa 2022.

([1]) IO L 266, 17.10.2017, lch. 12.

([2]) Cinneadh (CBES) 2021/569 ón gCoiste Polaitiúil agus Slándála an 30 Márta 2021 lena gcuirtear síneadh le sainordú Cheann Misin Mhisean Comhairleach an Aontais Eorpaigh mar thaca le hAthchóiriú na hEarnála Slándála san Iaráic (EUAM Iraq) (EUAM Iraq/1/2021) (IO L 122, 8.4.2021, lch. 1).

([3]) Cinneadh (CBES) 2022/635 ón gComhairle an 13 Aibreán 2022 lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2017/1869 maidir le Misean Comhairleach an Aontais Eorpaigh chun tacú le hAthchóiriú na hEarnála Slándála san Iaráic (EUAM Iraq) (IO L 117, 19.4.2022, lch. 32).

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 19 Iúil 2022.

Thar ceann an Choiste Pholaitiúil agus Slándála
D. PRONK
An Cathaoirleach